Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# NÓTA FAISNÉISE 2024/1

## IMTHOSCA AS A dTAGANN DÍCHÁILIÚ FAOI ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 2014, AGUS NA hIARMHAIRTÍ GAOLMHARA

**COMHTHÉACS**

Is é príomhchuspóir dhlí na gcuideachtaí leanúnachas a éascú agus gníomhaíocht fiontraíochta a spreagadh. Déantar amhlaidh leis trí fhoráil a dhéanamh do phearsantacht dhlítheanach agus dliteanas teoranta ar leith, rud lena sriantar neamhchosaint phearsanta ar riosca. I gcomaoin na bpribhléidí sin, leagtar síos le dlí na gcuideachtaí creat ar laistigh de:

- atáthar ag súil leis go n-oibreoidh stiúrthóirí cuideachta,
- nach mór ceanglais áirithe trédhearcachta a chomhlíonadh,
- a thugtar cosaintí áirithe do scairshealbhóirí, do chreidiúnaithe agus don mhórphobal, agus
- a fhoráiltear do smachtbhannaí, idir smachtbhannaí sibhialta agus smachtbhannaí coiriúla, i leith cineálacha áirithe neamhchomhlíonta.

Mar chuid den chuntasacht sin i gcás cuideachtaí agus a stiúrthóirí, fágann atosú chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí um chuideachtaí a bhaint den chlár, rud a rinneadh le déanaí, go bhféadfadh go mbainfí den chlár a lán cuideachtaí a mhainníonn a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú. I gcás go mbaintear cuideachta den chlár agus go ndíscaoiltear í ina dhiaidh sin, scoireann sí de bheith ann a thuilleadh agus dílsítear a hacmhainní don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe de réir fhorálacha an Achta Maoine Stáit, 1954.

Tá clár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí um chuideachtaí a bhaint den chlár á chur i bhfeidhm de réir a chéile sa bhliain 2024 agus, ós foras dícháiliúcháin é duine a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta a baineadh den chlár, déanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na stiúrthóirí ar a lán cuideachtaí den sórt sin a chur faoi ghrinnscrúdú.

Is é atá i gceist le scrúdú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa chomhthéacs sin breithniú a dhéanamh ar na stiúrthóirí ar chuideachtaí a raibh fiacha neamhurscaoilte acu ag dáta bhaint na cuideachta den chlár. Mar thoradh ar an mbreithniú sin, féadfar gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh agus, sa deireadh, féadfar na daoine sin a dhícháiliú ó ghníomhú mar stiúrthóirí cuideachta.

Is suntasach atá na hiarmhairtí a ghabhann le dícháiliú agus, sa chomhthéacs sin, measann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go bhfuil sé tráthúil an méid seo a leanas a chur i gcuimhne do stiúrthóirí cuideachta agus do pháirtithe leasmhara eile:

- an mór-raon imthosca ina bhféadfar duine a dhícháiliú chun gníomhú mar stiúrthóir cuideachta nó a thoirmeasc gníomhú mar stiúrthóir cuideachta, agus
- na hiarmhairtí a ghabhann le gníomhú de shárú ar ordú dícháilíochta.

Sa chomhthéacs sin, tugtar faisnéis ghinearálta sa Nóta Faisnéise seo freisin faoi fhad na n-orduithe dícháilíochta agus tarraingítear aird na bpáirtithe leasmhara inti ar bhreithniú breithiúnach a rinneadh le déanaí ar na saincheisteanna sin.

**RÓL AN ÚDARÁIS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**

Is iad feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, arna bhforordú ag an Oireachtas in Acht na gCuideachtaí, 2014 (an tAcht), comhlíonadh an Achta a spreagadh agus gníomhaíocht chuí forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar fhreagairt do neamhchomhlíonadh.

Spreagann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach daoine cloí le dlí na gcuideachtaí trí raon straitéisí, lena n-áirítear faisnéis agus treoir neamhspleách a sholáthar, amhail an Nóta Faisnéise seo agus foilseacháin eile atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus trí ghníomhaíochtaí éagsúla for-rochtana agus caidrimh le geallsealbhóirí. Cabhraíonn an spreagadh comhlíonta sin le stiúrthóirí cuideachta a gcuid dualgas agus oibleagáidí a chomhlíonadh, cabhraíonn sé le comhaltaí/scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a gcearta a thuiscint agus a sheasamh agus fónann sé chun caighdeáin rialachais chorparáidigh a fheabhsú go ginearálta.

Chun sinn a chumasú ár ról forfheidhmiúcháin a chur i gcrích, tá sraith fhairsing cumhachtaí imscrúdúcháin ar fáil dúinn, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid (lena n-áirítear doiciméid leictreonacha) a thabhairt ar aird,
- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála,
- an chumhacht gabhála, i.e., ag oifigigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar comhaltaí ar iasacht ón nGarda Síochána iad, agus
- an ceart chun iarraidh ar na cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a cheadú.

Agus ár sainordú forfheidhmiúcháin á chur i gcrích againn, déanaimid meastóireacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus seolaimid imscrúduithe airgeadais agus imscrúduithe gaolmhara ar fud speictream iomlán na gcuideachtaí, idir fhiontair bheaga agus mheánmhéide, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus chuideachtaí a bhfuil a n-urrúis liostaithe go poiblí.

I gcás go sainaithnítear inár ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí, áirítear leis na roghanna forfheidhmiúcháin atá ar fáil dúinn:

- freagairtí sibhialta, lena n-áirítear:
    - cuideachtaí agus a n-oifigigh a ordú bearta ceartaitheacha áirithe a dhéanamh,
    - oifigigh chuideachta a shrianadh agus a dhícháiliú, agus
- smachtbhannaí coiriúla a fhorchur, lena n-áirítear ionchúisimh a dhéanamh in ainm an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le haghaidh a breithnithe ar cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a chur ar aghaidh ar díotáil.

Is é ábhar an Nóta Faisnéise seo na himthosca ina bhféadfar stiúrthóirí cuideachta a dhícháiliú chun gníomhú mar stiúrthóir cuideachta agus a thoirmeasc gníomhú mar stiúrthóirí cuideachta.

**DÍCHÁILIÚ FAOI DHLÍ NA gCUIDEACHTAÍ – FORBHREATHNÚ**

*Cad is 'dícháiliú' ann?*

I gcomhthéacs dhlí na gcuideachtaí, ciallaíonn '*dícháilithe*' duine a bheith dícháilithe:

- chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, iniúchóir reachtúil, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir,
- chun baint nó páirt a bheith aige nó aici ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, i dtionscnamh, foirmiú nó bainistiú gach ceann díobh seo a leanas:
    - cuideachta de réir bhrí alt 819 den Acht,
    - aon chara-chumann de réir bhrí Achtanna na gCara-Chumann, 1896 go 2014,
    - aon chumann atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014.

Tá dhá chás phríomha ann ina dtagann an fhéidearthacht go ndícháileofaí stiúrthóirí cuideachta chun cinn, eadhon:

- i gcomhthéacs thuairisciú na leachtaitheoirí ar iompar na stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha faoi alt 682 den Acht, agus
- i gcomhthéacs iarratais a bheith déanta ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó ag daoine eile, chun na hArd-Chúirte faoi alt 842 den Acht.

*Alt 842 den Acht*
Leagtar amach in alt 842 den Acht forais faoina bhféadfaidh páirtithe sonraithe áirithe iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar dhuine a dhícháiliú. Ar na páirtithe sonraithe tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Cláraitheoir na gCuideachtaí, nó leachtaitheoir faoi alt 844 den Acht. Gairtear 'dícháiliú lánroghnach' de sin. Tagann dhá chás dícháiliúcháin eile chun cinn, eadhon dícháiliú uathoibríoch agus dícháiliú measta, agus mínítear iad sin thíos.

Beidh duine a bhfuil ordú den sórt sin á iarraidh ina aghaidh ar an eolas faoin iarratas toisc go mbeidh na himeachtaí seirbheáilte orthu, de cheart, nó go mbeidh iarrachtaí déanta ag an Iarratasóir chun sástacht na Cúirte chun a chinntiú go mbeidh sé nó sí ar an eolas faoin iarratas (alt 845(1)).

De na páirtithe uile atá údaraithe chun iarratais den sórt sin a dhéanamh, is ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach atá an raon is leithne foras faoina bhféadfar iarratas ar dhícháiliú a dhéanamh, i.e., faoi alt 842(a) go (j). Tá raon níos cúinge foras ar fáil do na páirtithe eile atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar dhícháiliú. Cé go bhfuil eolas maith ag cleachtóirí agus ag comhairleoirí dlí ar na forais sin, is fiú iad a lua an athuair, ar mhaithe le stiúrthóirí cuideachta, chun béim a leagan ar na forais ar a bhféadfaidh cúirt stiúrthóir a dhícháiliú chun gníomhú amhlaidh. Áirítear iad seo a leanas leo:

(a) go raibh an duine ciontach, le linn dó nó di a bheith ina thionscnóir nó ina tionscnóir, ina oifigeach nó ina hoifigeach, ina iniúchóir reachtúil nó ina hiniúchóir reachtúil, ina ghlacadóir nó ina glacadóir, ina leachtaitheoir nó ina scrúdaitheoir de chuid cuideachta, in aon chalaois i ndáil leis an gcuideachta, lena comhaltaí nó lena creidiúnaithe,

(b) go raibh an duine ciontach, le linn dó nó di a bheith ina thionscnóir nó ina tionscnóir, ina oifigeach nó ina hoifigeach, ina iniúchóir reachtúil nó ina hiniúchóir reachtúil, ina ghlacadóir nó ina glacadóir, ina leachtaitheoir nó ina scrúdaitheoir de chuid cuideachta, in aon sárú ar a dhualgas nó a dualgas mar thionscnóir, oifigeach, iniúchóir, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir den sórt sin,

(c) gur deonaíodh dearbhú faoi alt 610 den Acht i leith an duine,

(d) go bhfágann iompar an duine mar thionscnóir, oifigeach, iniúchóir reachtúil, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir cuideachta mí-oiriúnach é nó í le baint a bheith aige nó aici le bainistiú cuideachta,

(e) mar a nochtadh i dtuarascáil ó chigirí arna gceapadh ag an gcúirt nó ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoin Acht, go bhfágann iompar an duine mí-oiriúnach é nó í le baint a bheith aige nó aici le bainistiú cuideachta,

(f) go ndearna an duine mainneachtain go rialta i ndáil le ceanglais iomchuí áirithe (ciallaíonn 'ceanglais iomchuí' aon fhoráil den Acht lena gceanglaítear tuairisceáin, cuntais nó doiciméid eile a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí),

(g) go raibh an duine ciontach in 2 chion nó níos mó faoi alt 286 den Acht (le halt 286, is cion é mainneachtain taifid chuntasaíochta a chothabháil (féach freisin ailt 281 go 285),

(h) go raibh an duine ina stiúrthóir ar chuideachta nuair a cuireadh fógra chuig an gcuideachta faoi alt 727 den Acht agus go ndearnadh, tar éis na bearta eile faoi Chaibidil 1 de Chuid 12 a dhéanamh de dhroim an fógra a sheoladh, an chuideachta a bhaint den chlár faoi alt 733 den Acht (i.e., go raibh an duine ina stiúrthóir ar chuideachta ar bhain an Cláraitheoir í den chlár),

(i)

  i. go bhfuil an duine dícháilithe faoi dhlí stáit eile (cibé acu de bhun ordú ó bhreitheamh nó ó bhinse nó ar shlí eile) chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corpraithe nó ar ghnóthas, agus

  ii. gur chuí ordú dícháilíochta a dhéanamh i gcoinne an duine thairis sin faoin alt seo dá mba sa Stát a tharla an t-iompar dá chuid nó dá cuid, nó na himthosca a rinne difear dó nó di ar shlí eile, ba bhun leis an dícháilíocht choigríche, nó

(j) gur sháraigh an duine alt 4 nó 5 den Acht Iomaíochta nó Airteagal 101 nó 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Pléitear alt 842(h) den Acht tuilleadh thíos i gcomhthéacs atosú chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí um chuideachtaí a bhaint den chlár, rud a rinneadh le déanaí, agus i gcomhthéacs atosú chlár an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach um dhícháiliú na stiúrthóirí ar chuideachtaí áirithe a baineadh den chlár a iarraidh, rud a rinneadh mar thoradh ar atosú an chláir de chuid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

*Cad is cuspóir le dícháiliú?*
Is é an cuspóir príomha atá le dícháiliú, ach gan a bheith ar an aon chuspóir amháin atá le dícháiliú, an pobal a chosaint ar dhaoine a dtaispeántar ina dteist gur contúirt iad do chreidiúnaithe agus do dhaoine eile. Feidhm eile atá le dícháiliú is ea rialachas corparáideach a fheabhsú go ginearálta agus iompraíocht chosúil den sórt sin ar thaobh daoine eile a dhíspreagadh sa todhchaí.

*Cé chomh coitianta agus atá dícháiliú?*
Sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, dícháilíodh 25 dhuine faoi alt 842 den Acht (agus srianadh 68 nduine eile). Sa tréimhse deich mbliana roimh an 31 Nollaig 2023, dícháilíodh 257 stiúrthóir san iomlán faoi alt 842 den Acht. Dícháilíodh 114 dhuine díobh trí ordú cúirte agus dícháiliú 143 dhuine díobh de bhun glacadh le Gealltanais maidir le Dícháiliú.

*Cá fhad a mhaireann dícháiliú?*
Bíonn tréimhsí dícháiliúcháin éagsúil, ag brath orthu seo a leanas:

- na fíorais bhunúsacha agus na himthosca bunúsacha, agus
- an modh ar ar forchuireadh dícháiliú.

Is féidir éagsúlacht a bheith ann sa tréimhse dhícháiliúcháin faoi alt 842 den Acht, agus leagtar amach faoin Acht (féach freisin ailt 839, 840 agus 851(6)(a)) na tréimhsí le haghaidh gealltanas maidir le dícháiliú, le haghaidh dícháiliú uathoibríoch agus le haghaidh dícháiliú measta. Chinn na cúirteanna gur cheart dícháiliú faoi alt 842 den Acht ar feadh tréimhsí is faide ná 10 mbliana a fhorchoimeád le haghaidh cásanna lena mbaineann tromchúis ar leith, agus tagraítear do shamplaí de chásanna den sórt sin ag deireadh an Nóta Faisnéise seo.

*Conas a thagann dícháiliú chun cinn?*
Mar achoimre, is féidir le dícháiliú teacht chun cinn ar na bealaí seo a leanas:

i. trí ghealltanas arna thairiscint ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach,

ii. trí iarratas arna dhéanamh chun na hArd-Chúirte ag leachtaitheoir,

iii. trí iarratas arna dhéanamh chun na hArd-Chúirte ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus

iv. go huathoibríoch in imthosca áirithe.

## I. DÍCHÁILIÚ TRÍ GHEALLTANAS ARNA THAIRISCINT AG AN ÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH

I gcás gur dealraitheach don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur cheart go cuí stiúrthóir a dhícháiliú (mar shampla, de bhua é nó í a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta a baineadh den chlár agus fiacha gan íoc aici), féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach deis a thabhairt don duine aonair lena mbaineann gealltanas maidir le dícháiliú a chur isteach, in ionad imeachtaí dícháiliúcháin a thionscnamh dá dheoin féin. Foráiltear leis an Acht don scéim um ghealltanais maidir le dícháiliú agus leagtar amach ar mhodh foirme forordaithe an tairiscint um ghealltanas maidir le dícháiliú (I.R. Uimh. 646/2022 – Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Gealltanais maidir le Dícháiliú agus Srianadh), 2022 (irishstatutebook.ie)).

Is gníomh atá deonach go hiomlán ar thaobh stiúrthóir cuideachta é glacadh le gealltanas maidir le dícháiliú. Mura nglactar le gealltanas, áfach, tionscnóidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí san Ard-Chúirt chun go ndéanfar an stiúrthóir iomchuí a dhícháiliú trí ordú cúirte. Tá costais ama agus airgeadais ag baint le himeachtaí den sórt sin a chosaint agus ba ghné amháin den réasúnaíocht beartais a bhí mar bhonn agus thaca ag tabhairt isteach an chórais gealltanas é modh a thabhairt do stiúrthóirí le haghaidh na costais sin a sheachaint más mian leo amhlaidh.

Aon duine a ghlacann le gealltanas maidir le dícháiliú, toirmisctear é nó í, ar an tslí chéanna a dtoirmisctear duine a dhícháilítear le hordú ón Ard-Chúirt, gníomhú mar stiúrthóir nó mar oifigeach eile cuideachta, mar iniúchóir, mar ghlacadóir, mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir agus baint a bheith aige nó aici, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, le tionscnamh, foirmiú nó bainistiú cuideachta ar feadh fhad an ghealltanais sin. Is é 5 bliana fad uasta aon ghealltanais maidir le dícháiliú faoin Acht.

Sna himthosca (measartha annamh) ina molann leachtaitheoir go ndéanfaí leachtaitheoir a dhícháiliú in ionad é nó í a shrianadh agus an méid sin amháin a dhéanamh, ní thairgfidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gealltanas ach amháin más dealraitheach nár mhó ná 5 bliana an tréimhse dhícháiliúcháin a thuilleann iompar an stiúrthóra nó na stiúrthóirí. Sa chomhthéacs sin, tugann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aird ar na prionsabail ghinearálta a úsáidtear le linn tuairiscí alt 682 a mheasúnú agus ar na prionsabail atá leagtha amach i ndlí-eolaíocht na hArd-Chúirte maidir le dícháiliú.

## II. DÍCHÁILIÚ TRÍ IARRATAS ARNA DHÉANAMH CHUN NA hARD-CHÚIRTE AG LEACHTAITHEOIR

I gcás go dtuairiscíonn leachtaitheoir don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi alt 682 den Acht, ceanglaítear ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoiseamh a thabhairt nó a dhiúltú don leachtaitheoir ón oibleagáid reachtúil atá air nó uirthi imeachtaí srianta a thionscnamh san Ard-Chúirt. I gcás nach dtugtar aon fhaoiseamh den sórt sin, agus i gcás nach nglacann an stiúrthóir leis an tairiscint um ghealltanas maidir le srianadh, ní mór don leachtaitheoir imeachtaí a thosú laistigh de 2 mhí ó eolas a bheith tugtha ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don leachtaitheoir faoin gcinneadh gan faoiseamh a thabhairt.

An oibleagáid chun srianadh aon stiúrthóirí a mheastar nár ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach sa dóigh ar bhainistigh siad cúrsaí na cuideachta sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú a iarraidh, is é sin an rud is íosta a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. I gcásanna go bhfuil fianaise ann ar éagóiritheoireacht de chineál atá tromchúiseach go leor, féadfaidh an leachtaitheoir a chur in iúl ina ionad sin go mbeadh sé níos cuí imeachtaí dícháiliúcháin a thionscnamh, in ionad srianadh a iarraidh. Faoi mar atá leagtha amach thuas, má chinneann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go dtuilleann iompar na stiúrthóirí tréimhse dhícháiliúcháin is faide ná 5 bliana a fhorchur, cuirfidh sé in iúl don leachtaitheoir nach meastar gealltanas a bheith cuí agus, dá réir sin, gur chóir iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte.

Tá imthosca ann freisin ina n-iarrfaidh leachtaitheoir go ndéanfaí stiúrthóir a dhícháiliú i gcomhthéacs dlíthíochta eile in aghaidh stiúrthóirí (mar shampla, mar fhaoiseamh in imeachtaí trádála calaoisí), in ionad an méid sin a dhéanamh mar iarratas leithleach ar dhícháiliú.

*Alt 848 den Acht*
Féadfaidh an Ard-Chúirt duine a dhícháiliú freisin, mar thoradh ar ghníomhartha arna ndéanamh ag leachtaitheoir:

- i gcás go raibh an duine sin ina stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach leithleach a foirceannadh agus go raibh an duine sin srianta mar stiúrthóir cuideachta ag an am sin, agus

- i gcás go dtagann an duine chun bheith ina stiúrthóir ar chuideachta a dtosaítear á foirceannadh laistigh den tréimhse 5 bliana ó dháta na chéad imeachtaí foirceanta thuas.

## III. DÍCHÁILIÚ TRÍ IARRATAS ARNA DHÉANAMH CHUN NA hARD-CHÚIRTE AG AN ÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH

Faoi mar atá luaite thuas, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i dteideal iarratas a dhéanamh faoi raon leathan foras ar dhícháiliú stiúrthóirí, lena n-áirítear forais atá bunaithe ar thuarascálacha ó leachtaitheoirí, agus ar an mbonn go bhfágann iompar an duine mí-oiriúnach é nó í le baint a bheith aige nó aici le bainistiú cuideachta. Tagann iarratais den sórt sin chun cinn i gcásanna nár ghlac an stiúrthóir le gealltanas maidir le dícháiliú, nó i gcás go bhfuil iompar an stiúrthóra tromchúiseach go leor go mbeadh tairiscint gealltanais, de réir mheasúnú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, míchuí agus go measann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur cheart an ní a bheith á bhreithniú ar bhealach níos cuí ag an Ard-Chúirt.

I gcomhthéacs chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí um chuideachtaí a bhaint den chlár, áfach, díríonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go príomha sa nóta faisnéise seo ar alt 842(h) den Acht.

*Alt 842(h) den Acht*
Aithnítear an méid seo a leanas le halt 842(h):

- níl sé cuí do na stiúrthóirí an chuideachta a thréigean nó siúl amach uaithi go bunúsach agus mainneachtain leanúint de thuairisceáin bhliantúla a chomhdú i ndáil leis an gcuideachta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí,

- ina ionad sin, i gcás go dtagann cuideachta chun bheith dócmhainneach, is é an gníomh is cuí ar thaobh na stiúrthóirí a chinntiú go bhfoirceanntar an chuideachta go hordúil, agus

- i gcás go dtréigeann na stiúrthóirí an chuideachta go bunúsach gan í a fhoirceannadh go hordúil, is amhlaidh, in éagmais aon fhorála cuí, a sheachnódh na stiúrthóirí an próiseas um thuairisciú leachtaitheoirí, agus maoirseacht ghaolmhar ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, mar a thagraítear dóibh thuas.

Ar na cúiseanna sin, foráiltear don mhéid seo a leanas le dlí na gcuideachtaí:

- má mhainníonn an chuideachta na tuairisceáin bhliantúla uaithi a chomhdú, féadfaidh an Cláraitheoir an chuideachta a bhaint den chlár, agus

- i gcás go raibh fiacha gan íoc ag cuideachta a baineadh den chlár ag dáta a bainte den chlár, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dícháiliú stiúrthóirí na gcuideachtaí sin a iarraidh.

Díscaoiltear cuideachtaí a bhaintear den chlár (i.e., scoireann siad de bheith ann) tar éis próiseas na hOifige um Chlárú Cuideachtaí a chur i gcrích.

Ó thaobh an fhorfheidhmiúcháin de, cuireann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach síos ar *“cuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte”* mar na cuideachtaí sin:

- a bhaintear den chlár mar gheall ar mhainneachtain na tuairisceáin bhliantúla uathu a chomhdú; agus

- a raibh dliteanais acu, cibé acu iarbhír, teagmhasach nó ionchasach, ag dáta na bainte den chlár.

Cé go bhféadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar dhícháiliú na stiúrthóirí ar chuideachtaí den sórt sin atá bainte den chlár, faoi mar atá amhlaidh thuas, foráiltear le dlí na gcuideachtaí freisin nach bhféadfaidh an Chúirt dícháiliú a dhéanamh ar aon duine a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta tráth a bainte den chlár nó gur urscaoileadh na dliteanais sin roimh thionscnamh an iarratais dícháiliúcháin.

## IV. DÍCHÁILIÚ UATHOIBRÍOCH NÓ TOIRMEASC UATHOIBRÍOCH

**TÁBHACHTACH**

**NÍ SCAOILTEAR STIÚRTHÓIR DÍCHÁILITHE Ó IARMHAIRTÍ A DHÍCHÁILITHE NÓ A DÍCHÁILITHE I gCÁS É NÓ Í A BHEITH AINEOLACH GO bhFUIL SÉ NÓ SÍ DÍCHÁILITHE CHUN GNÍOMHÚ MAR STIÚRTHÓIR CUIDEACHTA NÓ GO bhFUIL TOIRMEASC AIR/UIRTHI DÉANAMH AMHLAIDH**

Sna himthosca atá luaite thuas, i.e., dícháiliú mar thoradh ar ghlacadh le gealltanas ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó de bhun iarratas cúirte, is dócha go mbeidh duine dícháilithe ar an eolas go bhfuil sé nó sí ar an ábhar d’ordú dícháilíochta.

Tá imthosca ann freisin, áfach, ina bhféadfar stiúrthóir cuideachta a dhícháiliú go huathoibríoch.

Tá trí chás ar leith den sórt sin ar mian leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aird a tharraingt orthu sa Nóta Faisnéise seo. Tá infheidhmeacht leathan ag ceann amháin díobh, agus tagann an dá cheann eile chun cinn in imthosca i bhfad níos scoite. Mar sin féin (agus i bhfianaise na n-iarmhairtí a ghabhann le hordú dícháilíochta a shárú, ar iarmhairtí iad a luaitear arís thíos), tá sé tábhachtach go mbeadh stiúrthóirí agus a gcomhairleoirí ar an eolas fúthu.

*Dícháiliú uathoibríoch ar chiontú i gcionta indíotáilte áirithe (alt 839 den Acht)*
Fágann alt 839(1) den Acht gur *'dícháilithe go huathoibríoch'* a bheidh aon duine a chiontaítear ar chiontú:

- in **aon** chion faoin Acht,
- in **aon** chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, nó
- in **aon** chion eile faoi achtachán forordaithe i ndáil le cuideachta.

Mairfidh an dícháiliú sin ar feadh tréimhse 5 bliana (nó ar feadh cibé tréimhse is giorra nó is faide a chinnfidh an chúirt ar iarratas ó cheachtar páirtí sa chás). Tá dícháiliú den sórt sin amhail is dá mbeadh an duine faoi réir ordú dícháilíochta (alt 839(3)). Aon duine a chiontaítear i gcion calaoise nó mímhacántachta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 (is samplaí chuige sin iad Gadaíocht, Meabhlaireacht, Cuntasaíocht Bhréagach, agus Ionstraim Bhréagach a Úsáid), nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, arna leasú), dícháileofar é nó í go huathoibríoch faoi dhlí na gcuideachtaí má chiontaítear é nó í ar díotáil, dá bhrí sin.

Is mian leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur in iúl do stiúrthóirí nó do dhaoine eile a chiontaítear ar díotáil gur iarmhairt uathoibríoch a ghabhann lena gciontú í sin agus gur iarmhairt í ar cheart do stiúrthóirí, agus dá gcomhairleoirí gairmiúla, a bheith ar an eolas fúithi agus a chur in iúl dá gcliaint gur iarmhairt a ghabhann le ciontú í.

*Toirmeasc gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí (alt 132 den Acht)*
Cé gur toirmeasc é in ionad é a bheith ina dhícháiliú, is amhlaidh, maidir le haon duine ar féimheach neamhurscaoilte é nó í agus a ghníomhaíonn mar stiúrthóir nó rúnaí ar chuideachta, a dhéanann sé nó sí cion de chuid Earnáil 2 mura bhfuil cead na cúirte aige nó aici.

Aon duine a ghníomhaíonn amhlaidh mar stiúrthóir cuideachta agus é nó í ina fhéimheach neamhurscaoilte nó ina féimheach neamhurscaoilte agus a chiontaítear go cuí i ngníomhú amhlaidh, beidh sé nó sí faoi réir ordú dícháilíochta measta ó dháta a chiontaithe nó a ciontaithe agus ar feadh cibé tréimhse a shonróidh an chúirt (mura bhfuil sé nó sí dícháilithe cheana féin).

*Dícháiliú measta – dícháilíocht choigríche (alt 840)*
Má tá duine dícháilithe chun gníomhú mar stiúrthóir cuideachta i ndlínse eile, ní mheastar é nó í de ghnáth a bheith dícháilithe mar stiúrthóir faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann. Ní mór d'aon duine atá dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta i ndlínse eile, áfach:

i. fógra ina thaobh sin a thabhairt don chuideachta Éireannach a bhfuil sé nó sí ina stiúrthóir uirthi, agus

ii. faisnéis a thabhairt don chuideachta chun í a cheadú, faoi alt 150(1) agus (10) den Acht, Foirm B74A a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (agus é a bheith mar chuspóir leis an bhFoirm sin eolas a thabhairt do dhaoine den phobal faoin bhfíoras gur dícháilíodh an duine aonair lena mbaineann i ndlínse eile).

Is cion coiriúil (de chuid Earnáil 3) é mainneachtain fógra ina thaobh sin a thabhairt don Chláraitheoir agus cruthaítear le halt 150 cionta eile a thagann as an mainneachtain sin. I gcás mainneachtain Foirm B74A a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, meastar an stiúrthóir lena mbaineann a bheith dícháilithe faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann, ó 14 lá ón mainneachtain comhlíonadh i gcás go ndearna an stiúrthóir mainneachtain (alt 840(3)(a)(i)), nó ar an dáta a tugadh an ráiteas atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha don Chláraitheoir (alt 840(2)(b)), agus ar dícháiliú é a leanann ar aghaidh ar feadh na dtréimhsí dícháiliúcháin gan chaitheamh (alt 840(3)(a)(ii)). Cuirtear i gcuimhne do stiúrthóirí déacha ar chuideachtaí Éireannacha agus ar chuideachtaí coigríche na teorainneacha dochta ama a bhfuil feidhm acu agus gur féidir le himthosca teacht chun cinn dáiríre inar féidir le daoine teacht chun bheith dícháilithe gan eolas a bheith acu go bhfuil sé sin amhlaidh.

**<u>TÁBHACHTACH</u>**

**BÍONN SÉ DE FHREAGRACHT AR STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA A CHINNTIÚ GO gCOMHLÍONANN STIÚRTHÓIRÍ NA FORÁLACHA IOMCHUÍ GO hIOMLÁN CHUN A CHINNTIÚ NACH dTIOCFAIDH SIAD CHUN BHEITH DÍCHÁILITHE FAOI DHLÍ NA gCUIDEACHTAÍ MAR THORADH AR MHAINNEACHTAIN NA COMHAID IOMCHUÍ A CHOMHDÚ LEIS AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ.**

## NA hIARMHAIRTÍ A GHABHANN LE HORDÚ DÍCHÁILÍOCHTA A SHÁRÚ

*Cion arb éard é ordú dícháilíochta a shárú*

Is mian leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aird stiúrthóirí agus fostaithe cuideachta a tharraingt ar na hiarmhairtí a ghabhann le gníomhú de shárú ar dhícháiliú. Go sonrach, gurb amhlaidh:

- maidir le duine a ghníomhaíonn i gcáil thoirmiscthe, bíodh sé nó sí ar an eolas gur ann d'ordú dícháilíochta nó ná bíodh, nó

- maidir le duine a ghníomhaíonn de bhun orduithe arna dtabhairt ag duine le linn dó nó di a bheith ina stiúrthóir cuideachta, agus é nó í ar an eolas go bhfuil an duine atá ag tabhairt na n-orduithe ag sárú ordú den sórt sin,

atá sé nó sí ag déanamh cion de chuid Earnáil 2 (féach freisin ailt 856 agus 871).

*Dícháiliú/Dícháiliú breise*

Aon duine atá ag tabhairt na n-orduithe, dlífear, ar é nó í a chiontú faoi alt 855, é nó í a dhícháiliú (má srianadh é nó í roimhe sin) nó é nó í a dhícháiliú ar feadh tréimhse bhreise 10 mbliana (nó ar feadh tréimhse bhreise eile a mheasfaidh an chúirt a bheith cuí ar iarratas) (alt 855(3)(a)).

Aon duine a leanann go feasach na horduithe ó dhuine atá ag sárú ordaithe le linn dó nó di a bheith ina stiúrthóir, dlífear tréimhse dícháilicháin uathoibríoch a fhorchur air nó uirthi má chiontaítear é nó í i gcion faoi alt 856 (mura bhfuil sé nó sí dícháilithe cheana féin ag dáta an chiontaithe).

*Dliteanas pearsanta*

Aon duine atá ag gníomhú de shárú ar ghealltanas maidir le dícháiliú nó de shárú ar ordú dícháilíochta:

- féadfar freisin go mbeidh sé nó sí faoi dhliteanas i leith an chuideachta a bheith ag gnóthú comaoin i leith aon ghnímh nó aon seirbhíse a rinneadh le linn don duine a bheith ag gníomhú amhlaidh (alt 858), agus/nó

- féadfar freisin go mbeidh sé nó sí faoi dhliteanas go pearsanta i leith na bhfiach nó na ndliteanas de chuid na cuideachta a conraíodh sa tréimhse dhícháiliúcháin, agus, i gcás go dtosaítear imeachtaí foirceanta, laistigh de 12 mhí ón duine a bheith ag gníomhú amhlaidh (alt 859).

Aon duine atá ag gníomhú go feasach de réir ordú ó dhuine dícháilithe agus a chiontaítear ar díotáil faoi alt 856, féadfar é nó í a choinneáil faoi dhliteanas go pearsanta i leith fiacha a tabhaíodh le linn na tréimhse sin (alt 860).

## IARRATAS AR FHAOISEAMH Ó DHÍCHÁILIÚ

Féadfaidh aon stiúrthóir dícháilithe faoiseamh a iarraidh ón Ard-Chúirt faoi alt 847 den Acht ar an bhforas go mbeadh aon fhaoiseamh den sórt sin cóir agus cothromasach. Ceanglaítear ar aon duine a dhéanann iarratas den sórt sin fógra a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus scrúdaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gach iarratas den sórt sin go cúramach. Mar shampla, i gcás a tharla le déanaí agus ina ndearnadh iarratas ar fhaoiseamh, d'iarr an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dearbhú suntasach ó stiúrthóirí dícháilithe agus ón gcuideachta maidir le socruithe rialachais beartaithe sa todhchaí sular chinn sé a sheasamh maidir leis an iarratas sin ar fhaoiseamh (*In the matter of SB Steel Limited* [2022] IEHC 513).

**TUILLEADH TREORACH MAIDIR LE TRÉIMHSÍ DÍCHÁILIÚCHÁIN**

Is mian leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aird páirtithe leasmhara a tharraingt freisin ar an mbreithiúnas ó Finlay Geoghegan J. i gcás *Bovale* ([2013] IEHC 561), áit ar leag an Chúirt amach na prionsabail atá mar fhoras leis an gcuspóir le dícháiliú. Sa chás sin, luaigh an Chúirt an méid seo a leanas:

(i) cuspóir príomha atá le dícháiliú, ach gan a bheith ar an aon chuspóir amháin atá le dícháiliú, is ea an pobal a chosaint ar iompar cuideachtaí sa todhchaí ag daoine a dtaispeántar ina dteist gur contúirt iad do chreidiúnaithe agus do dhaoine eile,

(ii) cuspóir eile atá le hordú dícháilíochta is ea rialachas corparáideach a fheabhsú,

(iii) cuspóir eile fós atá le hordú dícháilíochta is ea go ngníomhaíonn sé mar dhíspreagadh, i ndáil leis an stiúrthóir is freagróir agus i ndáil le stiúrthóirí eile ar chuideachtaí araon. Dá bhrí sin, ba cheart gnéithe díspreagtha a bheith ann sa dícháiliú,

(iv) ba cheart an tréimhse dhícháiliúcháin a bheith ag teacht le tromchúis an iompair nó na héagóiritheoireachta arna cinneadh ag an gCúirt i ndáil leis na fomhíreanna iomchuí (d'alt 842) a bhfuil an t-ordú dícháilíochta á dhéanamh ina leith,

(v) ba cheart tréimhse dhícháiliúcháin is faide ná 10 mbliana a fhorchoimeád le haghaidh cásanna lena mbaineann tromchúis ar leith, agus

(vi) ba cheart don Chúirt an tréimhse cheart a mheasúnú ar dtús de réir an mhéid seo roimhe seo agus aon tosca maolaitheacha a chur san áireamh ansin sula socrófar an tréimhse dhícháiliúcháin iarbhír.

Forchuireadh dícháiliú ar feadh tréimhsí is faide ná 10 mbliana i roinnt cásanna le déanaí. Leagadh na prionsabail le haghaidh dícháiliú d'fhad den sórt sin amach i gcás *In Re Custom House Capital Ltd.* ([2016] IEHC 689), áit ar chinn Keane J. gurbh í 15 bliana an tréimhse chuí dhícháiliúcháin, á shonrú i mír 73 den bhreithiúnas go raibh na tosca seo a leanas mar údar leis an ordú sin:

> *"Bhí iompar na bhfreagróirí* [...] *mímhacánta go mór; lean sé ar aghaidh thar thréimhse fhada ama go dtí nárbh fhéidir, ar chúiseanna éagsúla, é a cheilt a thuilleadh; agus chuir sé isteach go han-dona ar na daoine neamhchiontacha sin a raibh an mí-ádh millteanach orthu a bpinsin nó a gcoigiltis a chur de chúram ar an gcuideachta…."*

Chun críocha faisnéise, tarraingíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aird na bpáirtithe leasmhara ar na breithiúnais iomchuí seo a leanas ó na Cúirteanna Uachtaracha, áit ar forchuireadh tréimhsí fada dícháiliúcháin ar stiúrthóirí cuideachta:

- *In the Matter of Bovale Developments; Director of Corporate Enforcement -and- Bailey*, Nollaig 2013 ([2013] IEHC 561),
- *Kirby -and- Rabbitte*, Eanáir 2020 ([2020] IEHC 703),
- *In the Matter of Pembroke Dynamic Internet Services Limited (In Liquidation)*, Iúil 2021 ([2021] IEHC 475),
- *Powers -and- Greymountain Management Limited (In Liquidation)*, Deireadh Fómhair 2022 ([2022] IEHC 599),
- *In the Matter of Eurosurgical Limited (In Liquidation)*, Eanáir 2022 ([2022] IEHC 10), agus
- *In the Matter of Irish Gold and Silver Bullion Limited*, Iúil 2023 ([2023] IEHC 392).

**Tuilleadh faisnéise**
Is féidir tuilleadh faisnéise maidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus lena ghníomhaíochtaí a rochtain ag www.cea.gov.ie

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**8 AIBREÁN 2024**

info@cea.gov.ie https://cea.gov.ie

https://linkedin.com/company/cea-ireland

@cea_Ireland